Bánú na Tuaiṫe — Faḋb Pleanála

(AR LEAN.)

An féidir na figiúirí sin a ṡroisint? Is féidir, mar tiocfaḋ fás ar an uiṁir de oibriṫeoirí d'réir mar ḟásfaḋ an daonra i gcoitinne. An rud is tábaċtaí ná go bfuil faoi láṫair go leor daoine sa ċeanntar a béaḋ sásta agus oiriúnaċ do scéim tionscalaíoċta mar atá i gceist. D'réir daonáireaṁ 1951 agus 1961 agus liostaí na meánscol 1961-62 tá ṫart ar ḋá ṁíle fear agus míle go leiṫ bean óg ann faoi láṫair. Fanfaiḋ timpeall 500 les na fir agus 200 des na mná ar na feirmeaċa. Ḃéaḋ míle go leiṫ fear agus míle trí ċéad bean mar sin ar fáil do tionscail, mar a léirítear sa tábla tíos:—

OIḂRIṪEOIRÍ DO ṪIONSCAIL

Ceanntar	Aois-ġrúpa 5-14 1951 Fir	Mná	Aois-ġrúpa 5–24 1961 F	M	Aois-ġrúpa 5–14 1961 F	M	Aois-ġrúpa 15-24 1971 F	M	
An Sciobairín (Ceantar Urbaċ)	179	224	103	151	192	199			
Beanntraí Tuaṫ	704	666	494	454	740	660			
Dún Meán Ṁuí (Tuaṫ)	772	739	516	445	792	739			
Baile Ċ. Ḃéarra (Tuaṫ)	579	530	538	251	568	530			
Scoil Ṁuire (Tuaṫ)	356	348	239	187	322	286			
An Sciobairín (Tuaṫ)	1061	1091	767	592	961	930			
Iomláin	3663	3598	2477	2080	3575	3344	2383	2006	*
Ar Scoil			400	500			683	706	**
Ar fáil do tionscail			2077	1580			1700	1300	

Foinnsí: Daonáiriṁ 1951 ⁊ 1961 agus liostaí na meánscol 1961-62.



Ó'n "Word," Iúil, 1964. Mgr. Moses Coady — An tAth. James Tompkins — Mgr. F. J. Smith Stiúrthóir faoi láthair

Bunuitheoirí Ghluaiseachta Antigonish

* Meastúċán é seo atá bunaiṫe ar an dtuiscint go mbéaḋ an tuitim-daonra céanna ag obair i gcás na ndaoine in aois-ġrúpa 5-14 i 1961 is a ḃí i ḃfeiḋm dóiḃ siúd a ḃí san aois-ġrúpa sin i 1951 (⅓ i gcás na ḃfear ⁊ 2-5 i gcás na mban).

** An figiúr measta seo do luċt scoile bunuiṫe ar an dtuairim go méadóiḋ an uiṁir do 1961 de réir 2-3 i gcás na ḃfear agus 2-5 i gcás na mban. Is féidir a ṫuiscint ó na figiúirí reiriḋ go ḃfanfaiḋ 500 fear agus 200 bean ar an dtalaṁ.

Ṫart ar 3,000 oibriṫe atá againn i nIarṫair Ċorcaí faoi láṫair, uiṁir a ḃéaḋ ag méadú d'réir a céile le cúnaṁ Dé d'réir mar raċaḋ an scéim ċun ċinn. Seo leanas mar a ḃéaḋ na h-oibriṫe seo fostuiṫe i dtúsama ins na bailte éagsúla:—

	Fir	Mná	Iomlán
An Sciobáirín	479	409	888
Beanntraí	294	273	567
Baile Ċ. Ḃearra	216	151	367
Dún Meán Ṁuí	284	245	529
Scoil Ṁuire	131	103	234 (26)
	1404	1181	2585

(Tá na céad figiúirí a laġdú d'réir 20 per cent. (Scoil) agus 25 per cent. eile (Talṁaíoċt).

Glactar leis go coitianta go mbíonn 20 per cent. de ṗobal baile in Iarṫar Eorpa fostuiṫe i dtionscail nó i seirḃísí; meastar mar sin go gcotóċaḋ na h-oibriṫeoirí atá luaite ṫuas daonra méadaiṫe fiú i dtús na Scéime, mar leanas:

	Daonra		Daonra 1914	
An Sciobairín	4.440	(888)	20000	(4000)
Beanntraí	2835	(567)	5000	(1000)
Baile Ċ. Ḃéarra	1835	(367)	5000	(1000)
Dún Meán Ṁuí	2645	(529)	5000	(1000)
Scoil Ṁuire	1170	(234)	5000	(1000)

Seo leanas liosta de ṫionscail a ḃéaḋ oiriúnaċ le bunú **faoi láṫair,** (tuigtear go mbeiḋ an liosta sin á leaṫnú de réir mar cuirtear leis na saġasanna barraí a ḟástar agus mar a ṫéann an Eolaíoċt ċun ċinn):

Stánú éisc, próisiú bíḋ (glasraí, tortaí. etc.); cniotáil, cuiṁneaċáin. brúscaraḋmaid, suḃ, lín, criadóireaċt. earraí ealaíonta in aḋmad, bréidín, clódóireaċt, troscáin. mil, cáis, leaṫair, báġúin, earraí leictreonaċa.

Nóta:

(26) Níl figiúirí ar fáil agam maidir le Druim Dá Liag aċ is léir gur sráid-ḃaile é ar ċóir a ḟorbairt. Ceapaim freisin, gur ionad oiriúnaċ é Scoil Ṁuire do ḃaile eile, é ḃeiṫ mar lár nádúrṫa do leiṫinis agus gan a ḃeiṫ ró-ċoṁgaraċ don Sciobairín.

LIOSTA DE LEABHAIR, etc.

1—Design in Town and Village (1953)—H.M.S.O., London.
2—A Textbook of Town and Country Planning — Architectural Press, London.
3—County Palatine — A Plan ofr Cheshire (le W. Dobson Chapman ,M.T.P.I.) — Country Life, Tavistock St., London.
4—My Work, Le Corbusier (1962) — Architectural Press.
5—Town and Country Planning in Britain (leasuithe 1962) —Central Office of Information, London.
6—Planning and Development in the Netherlands. Iml. 1 Uimh. 1 (1962) — Royal Van Gorcum Teo., Assen, An Iseal Tir.
7—Physical Planning in the Netherlands. 1, General Introduction (1955) — Seirbhis Eolais an Rialtais, Den Hagg.
8—The Netherlands Development Areas (The Social Problems) 1960 — Roinn Oibre Soisialta, Den Hagg.
9—Rural Development in the Netherlands (1959) — Roinn Tal -mhaiochta, Den Haag.
9—"L'Amenagement du territoire et ses problemes., le Francois Gravier (1961). (Nil se ratie ce d'fhoilsigh), Ambasaid na Frainnce, B.A.C. a chuir ar fail e.
10—Green, Gold and Granite: a background to Finland le Wendy Hall (1953) — Max Parrish, London.
11—Problems of Rural depopulation in the State of Victoria", 1964. 12—Town planning in rural areas and decentralisation measures in the State of New South Wales. — Curtha le cheile ag udarais na Stait seo agus curtha ar fail dom ag Ambasaid na hAstraile in Eirinn.

Uisce i nGaeltaċt na Gaillime

SCÉIMEANNA CEADAIṪE

Ag freagairt ceiste ón Uasal Citt, T.D., sa Dáil, dúirt an tAire Rialtas Áitiúil go bfuair sé pleananna do scéim uisce Cill Ċiaráin-Carna ar an 16ú M. Fómair. 1963. agus gur tugaḋ údarás i bprionsabail fá ċoinne na scéime ar an 19ú Nollaig, 1963, agus gur ceapaḋ Innealltóir Comairliṫeaċ ar an 17ú Samain, 1964.

ÁRAINN

Fuarṫas an scéim do Ċóras Uisce Árainn, Uiṁir 2, ar an 22 Eanair. 1964, agus h-iarraḋ ar an Comairle Condae breis eolas teicniúil a ṡoláṫar ar an 2ú Iúil, 1964.

CEAṪRÚ RUA

Fuarṫas pleananna do Ċóras uisce Ceaṫrú Rua ar an 11 Meiṫeaṁ, 1964. Ceapaḋ Innealtóir Comairlíṫeaċ ar an 22ú Samain, 1964. Tugaḋ tuille eolas teicniúil ar neiṫe fé leiṫ de, i Meán Fómair, agus Deireaḋ Fómair, 1964. Ḃí cainteanna idir Innealltóirí na Roinne agus an tInnealtóir Condaė agus an tInnealtóir Comairlíṫeaċ faoi roinnt faḃbanna teicniúla. Tá na faḋbanna seo á scrúdú sa Roinn i láṫair na huaire.

CLOĊ NA RÓN

Fuarṫas pleananna do scéim réagúnaċ uisce Cloċ na Rón, ar an 9ú Iúil, 1964, agus hiarraḋ ar an Comairle Condae tuilleaḋ eolas teicniúil a ṡoláṫar ar an 30ú Meán Fómair, 1964.

AN TAṪRÚ SAN AIFREANN

Le blianta fada anuas níl mórán aṫrú tagaiṫe san Aifreann. Is ag an sagairt aṁáin a ḃí fios cruinn i dtaoḃ gaċ ċuid den Aifreann. Ó'n sean aimsear anonn go dtí le déanaí raċaḋ mórán des na sean daoine, ar aon nós. ċuig Aifreann ⁊ gan acu aċ paidrín b'ḟéidir. Ḃeaḋ siad ag caint le Íosa óna croíṫe aċ ní ḃeaḋ siad ag taḃairt aire dá laġad don Aifreann féin. Ó ṫosaċ an Aifrinn go deire an Aifrinn ní ḃeaḋ fios ar biṫ acu caidé'n giota de a mbeaḋ á rá ag an sagairt, aċ anois tar-éis na blianta fada sin, féadaim a rá go ḃfuil an taṫrú tagaiṫe sa deireaḋ.

Cúpla seaċtain ó ṡoin sea ċualamar an céad rud ina dtaoḃ. Sé mo ṫuairim láidir gur rud an ṁaiṫ dos na daoine é seo, mar ar an gcéad dul síos tugann sé seo faill do ḋuine, naċ raiḃ aige go dtí seo. páirt níos mo a glacaḋ san Aifreann agus na paidreaċa a rá in éineaċt leis an sagairt. Is ionann sin agus a rá go mbeiḋ gaċ duine ag ofráil an Aifreann seaċas ag éisteaċt leis. Pointe eile, nuair a ṫagann an taṫrú seo i ḃfeiḋm, ní ḃeiḋ duine ar biṫ anonn, má tá suim aige san Aifreann, ḃeiṫ i láṫair gan leaḃar urnaiṫe agus na paidreaċa go léir atá le rá aige scríofa innti.

Leis an taṫrú seo. fosta, ní ḃeiḋ faill ar biṫ ag na daoine, naċ mbíonn fonn ar biṫ orṫu paidir a rá, aċ ag féaċaint ar gaċ duine ag teaċt, agus rud níos measa fós—ag caint fuṫú, na rudaí sin a ḋéanaṁ níos fuide Ḃa ḃeag nár rinne mé dearmad ar rud ar biṫ a rá i dtaoḃ na fir a ṫagann isteaċ ogus faitíos orṫu dul suas ċuig barr an tséipéal ar eagla go ḃfeicfeaḋ an sagart iad gan paidrín. nó ar eagla naċ mbeaḋ seans acu ċun caint a ḋéanaṁ, ḃail, féadaim a rá go cinnte go gcuirfí an taṫrú seo seolas nua ar rudaí dóiḃ.

Sé mo ṫuairim gur leis an t-aṫrú seo, beiḋ tuiscint níos fearr ag an duine ar an Aifreann. Mar a ḋúirt mé ċéanna, beiḋ siad anonn an Aifreann a ofráil suas leis an sagairt. agus d'á ndóiġ naċ é sin an rud ba ċeart a ḋéanaṁ? Naċ deas an rud é ḃeiṫ páirteaċ san ofráil is aoirde is féidir duinn a ṫaḃairt don tSlánaiṫeoir, Íosa Ċríost, a fuair bás ar ár son, in ionad ḃeiṫ in ar suí ansin agus gan ḟios againn caidé'n ċuid den Aifreann atá ar ṡiúl.

Le tamaill beag anuas is mo a ċluintear i dtaoḃ an Gaeilge san Aifreann. Naċ rud deas é seo go speisialta dos na daoine a ḃfuil Gaeilge ar eolas acu. Ḃí cruinniú i dtaoḃ seo in Ard Ḋeóise, Baile Áṫa Cliaṫ. agus socraíoḋ go mbeiḋ Aifreann Gaeilge aṁáin in aġaiḋ na míosa i ngaċ uile ṡeipéal ina mbíonn níos mó ná Aifreann poiblí aṁáin. Aṫrú mór sea é seo d'ár liom agus cuirfiḋ mise fáilte Uí Ċeallaiġ roiṁe má ṫagann sé i ḃfeiḋm ar fud na tíre.

Tá leaḃrán le foilsiú gan moill ina mbeiḋ na píosaí den Aifreann a laḃrófar as Gaeilge. Tá na leaganaċa Béarla le fáil in ngaċ áit fé láṫair. Tamaill ḃig ó ṡoin léiġ mé ar ṗáipéar éigin go raiḃ leaganaċa Béarla agus Gaeilge curṫa ar fáil do Ḋeóise na Mí. Ceapam féin go bfuil sé sin níos tairḃí ná ḃeiṫ ag cur leaḃrán i leiṫ ar fáil do Gaeilgeoirí aṁáin.

Sea, deirim arís, agus ní gan faṫ a deirim aṁlaiḋ gur rud an ṁaiṫ an t-aṫrú seo. Ar aon nós beiḋ gaċ duine anonn ḃrí gaċ ċuid den Aifreann a tuiscint.

Caitlín Ní Raifeartaiġ, Coláiste Muire. Baile an Ṁóta. Co. Ṡligiġ.

CÚRSA DO ṪREORAIṪE

Tá Cúrsa Logánta do Ṫreoraiṫe á reaċtáil ag Conraḋ na Gaeilge sa Ṫolsel, Ros Ṁic Treoin, Dé Saṫarn agus Dé Domnaiġ, 27 agus 28 Feaḃra, 1965. Is do ḋaoine idir 18 agus 26 bliana ó Ċontae Loċ Garmáin ⁊ na contaeṫe ṫart air an cúrsa so.

Osclóiḋ Míċeál Mac Cárṫaiġ, Uaċtarán an Ċonarṫa an cúrsa go h-oifigiúil agus fáilteóiḋ an tUasal Ó Donnaḃáin, Leas-ċaṫaoirleaċ Ċoṁairle an Ḃaile roiṁ luċt an ċúrsa 11.30 a.m. Dé Saṫairn.

Ar na daoine eile a ḃeiḋ ag caint ar an gcúrsa tá Caṫal Ó Feinneaḋa, Tánaiste an Ċonarṫa, Aindrias Ó Muiṁneaċáin, Seosaiṁín Ní Ṁuirí. Míċeál Óg Ó Marnáin, An Bráṫair Dúgáin. Pádraig Ó Cianáin, Réiltín Ní Ḃroin, Tomás Mac Ruairí, Séamas Ó Cléiriġ agus Donnċaḋ Ó Súilleaḃáin.

PINSEAIN AGUS DEONTAISÍ D'OIBRIṪE FORAOISEAĊTA

Ag freagairt ceiste sa Dáil. ó Seán Ó Doṁnallán, T.D., dúirt Seoirse Ó Colla, T.D., Rúnaí Pairliminte don Aire Taḃte naċ raiḃ sé i gceist san am i láṫair scéimpinsean a pleanáil do oibriṫe foraoiseaċta. agus naċ raiḃ cás ar biṫ ar leiṫ ag na dreamanna seo seaċas aicmí eile a ḃí ag obair don Stáit sa dóiġ ċéanna.

Ag freagairt ceiste ó Pádraic Ó Doṁnaill, T.D.. dúirt sé go raiḃ scéim san Roinn le go ḃféadfaí deontaisí ar leiṫ a ṫaḃairt do oibriṫe foraoiseaċta a raiḃ tréiṁse fada seirḃise acu.

Dúirt Pádraic Ó Doṁnaill gur ċeart tuilleaḋ poiblíoċt a ṫaḃairt don scéim, nó go raiḃ neart -fostaiṫe naċ raiḃ eolas acu faoi.

Dúirt an Rúnaí Pairliminte go raiḃ deacraċtaí áiriṫe faoin scéim, cuntas ar oibreaċas agus a leiṫéidí sin.